# Nuacht Litir

Scoil Cholmcille
Ros a' Mhíl

## Cáisc 2015

Bhí téarma gnóthach againn!

**Fáilte**

Fáilte roimh Linda beidh sí ag obair i Rang Mhíceál mar Chúntóir Ranga.

**Boston Tea Party**



Bhí an-óiche againn ag an mBoston Tea Party ar an 13 Feabhra. Míle buíochas le na tuismitheoirí a bhí ag réiteach an halla agus ag glanadh suas ina dhiaidh! Rinne muid os cionn €2700 ar an oíche agus beidh sé seo ag dul i dtreo an Scéim Téacsleabhair ar chíos.

**Coirm Gael Linn**

Chuaigh an Bun rang chuig Amharclann na Cathrach ar an 11ú Márta. Chuir siad an dráma 'Indiana Jones' ar stáitse agus bhí siad uilig iontach! Fuair siad dhá dhuais; duais Aisteoireachta agus duais le húsáid na stáitse. Chuaigh siad go McDonalds ina dhiaidh!




**High School Musical**

Chuaigh an tArd rang chuig an dráma High School Musical i Scoil Chuimsitheach Chiaráin ar 12/3/15. Bhí an-lá acu!

**Lá Fhéile Pádraic**

Bhí an-lá againn arís imbliana ag paráid Lá Pádraig! Bhí muid gléasta mar 'Mummies' agus daoine ón Éigipt. Rinne muid damhsa os comhair an tslua agus bhuaigh muid an chéad áit sa gcomórtas!!! Bhí 'treat' ag na gasúir an lá dár gcionn agus

déanfaidh muid rud éigin deas leis an €100 a bhuaigh muid sa samhradh le cúnamh Dé. Maith sibh!



**Blitz Peile, Ros Muc**

Chuaigh Rang 2,3 agus 4 go dtí an Blitz Peile i Ros Muc. Bíonn an Blitz seo ar siúl chuile bhliain le haghaidh na scoileanna beaga. Bhí an-lá againn!



**Cré**

Rinne an t-Ard rang potaí agus rudaí difriúla déanta as cré le Múinteoir Sinéad. Bhí siad breá sásta leo féin!!



**Scéim Scríobh Leabhar**

Ghlac muid páirt arís i gcomórtas Scríobh Leabhar 2015. Chuir na gasúir leabhair álainn le chéile. Comhghairdeas le Cian McD, Fionn, Ciarán, Róise, Christina, Méadhbh agus Rachel. Beidh siad ag fáil gradam amach anseo.

Maith Sibh!!!!

**Aistear**

Thosaigh muid clár Aistear le gairid le Naionáin Bheaga, Naionáin Mhóra agus Rang 1. Déanann na gasúir staisiúin spraoi chuile mhaidin bunaithe ar na 4 théama oideachais: mothú ionannais agus muintearas, scileanna sóisialta, cumarsáid agus machnamh. Baineann siad an-spraoi as!



Tá súil againn go mbeidh Cáisc iontach agaibh agus bainigí sult as an sos. Ag guí Cáisc Shona oraibh ar fad.

Foireann na Scoile

Athoscailt:13/4/15